Rialacha na Scoile (Simplí)

1. Bhí tionól mór ag an phríomhoide le daltaí na scoile. Léigh sí amach liosta de rialacha móra na scoile. Ach an raibh aon duine ag éisteacht??

2. Ag an sos, chuaigh mise agus na buachaillí amach ag imirt peile. Thosaigh troid idir beirt dena buachaillí. Bhí beirt chailín **i bhfolach** ar chúl na scoile agus bhí siad ag caitheamh.

3. **Go tobann,** chonaic múinteoir na buachaillí ag troid. Dúirt sé leo stop a chur leis. **Bhí orthu dul** go dtí oifig an phríomhoide. Chonaic múinteoir eile na cailíní ag caitheamh. Dúirt sí leo **nár mhaith an rud é** an tobac agus gur cur amú airgid é.

4. Nuair a tháinig na daltaí abhaile ní raibh a dtuismitheoirí sásta **lena n-iompar.** Bhí fearg ar na tuismitheoirí agus bhí náire ar na páistí bheith i dtrioblóid tar éis bheith ag an tionól.





5. Labhair an príomhoide leis na tuismitheoirí ina hoifig agus shuigh na daltaí sa **seomra feithimh** in aice le hoifig an phríomhoide. Bhí imní an domhain ar na daltaí.

6. **Cuireadh** na daltaí isteach **sa choinneáil** ar leathuair tar éis a ceathair sa halla. Ar fiche a cúig tar éis a cúig, bhí siad **fós ann**. Bhí siad **dúdóite** nach raibh cead acu dul abhaile.